



Iarratas ar Luachan

le haghaidh conradh seirbhíse Poiblíochta agus Bainistíochta Meán Sóisialta

Tá **Ealaín na Gaeltachta** ag lorg luachana do sheirbhísí poiblíochta agus bainistíochta meán sóisialta chun tacú le hobair na heagraíochta.

Tá an tseirbhís seo de dhíth ar bhonn ghearrthréimhseach chun seirbhís leantach a dheimhniú i rith tréimhse saoire.

An tSeirbhís

Gaeilge

- Is í an Ghaeilge teanga na heagraíochta agus is tosaíocht é go gcuirfear an tseirbhís ar fáil trí mheán na Gaeilge

Inrochtaineacht

- Ábhar a chruthú a chomhlíonann tiomantas agus riachtanais inrochtaineachta na heagraíochta

Cumarsáid

- Cumarsáid a dhéanamh go pras, go soiléir agus go rialta leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara chun rathúlacht agus tráthúlacht na seirbhíse a dheimhniú

Dearthóireacht & cruthú ábhar (rialta)

- Ábhar ar ardchaighdeán a chruthú ar Canva, a thagann le branda na heagraíochta
- Ábhar mealltach a chruthú do na meáin shóisialta, a thagann le branda na heagraíochta
- Dearthóireacht ar thuairisc deireadh bliana na heagraíochta de réir bhranda na heagraíochta

Bainistiú na meán sóisialta (rialta)

- Ábhar agus feachtais ar na meáin shóisialta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.
- Cuntais Instagram, Facebook, TikTok, X, YouTube agus LinkedIn na heagraíochta a bhainistiú

Nuachtlitir (míosúil)

- Nuachtlitir míosúil a chur le chéile agus a eisiúint

Bainistiú suíomh idirlinn (rialta)

- Deimhniú go gcrochtar nuacht agus ábhar eile ar an suíomh in am cuí

Bainistiú feachtais phoiblíochta (ócáideach)

- Preasráitis agus íomhánna oiriúnacha a dháileadh ar na meáin
- Láithreacht an fheachtais a dheimhniú sna meáin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.
- Agallaimh sna meáin agus deiseanna poiblíochta a shocrú.

Monatóireacht & Tuairisciú (leanúnach/deireadh na tréimhse)

- Monatóireacht a dhéanamh ar chlúdach sna meáin agus tuairisc ghearr a chur ar fáil ag deireadh na tréimhse.

Tréimhse

Is conradh do sheirbhísí a bheidh i gceist a mhairfidh ón 19 Deireadh Fómhair - 31 Nollaig 2026. D'fhéadfaí faid a chur leis an gconradh ag brath ar chúinsí agus ar bhuiséad.

Costas

Is gá costas soiléir a chur ar an obair, a chuimsíonn CBL agus gach costas a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar.

Conas luachan a sholáthar

Fáilteimid roimh luachan a chuimsíonn:

- Samplaí de bhur gcuid oibre sa réimse seo go dtí seo
- Deimhniú ar thaithí agus scileanna ábhartha
- Luachan ina bhfuil briseadh síos soiléir ar an gcostas agus líon uaireanta an chloig seirbhíse

Is gá an t-ábhar uilig a sheoladh ar ríomhphost chuig: Margaret Anne Ní Fhearraigh, Ealaín na Gaeltachta ma.nifhearraigh@udaras.ie agus “Seirbhís Poiblíochta 2026” a chur mar ábhar an ríomhphoist roimh 4.00 i.n. Déardaoin, an 8 Deireadh Fómhair 2026.

Toradh

Cuirfear toradh an phróisis in iúl do sholáthróirí faoin gCéadaoin, an 14 Deireadh Fómhair.

An soláthróir rathúil

Beidh ar an soláthróir rathúil an méid a leanas a chur ar fáil sula síneofar conradh seirbhíse:

- Fianaise glanta cánach
- Deimhniú maidir le coimhlint leasa